— An seachtú saincheist, lena n-éilítear go bhfuil Airteagail 20(1) agus 20(5)(b) de Rialachán 806/2014 á sárú toisc gur rialaíodh le breithiúnas na Cúirte Ginearálta go raibh stádas "shaineolaí neamhspleách" ag Deloitte.

— An t-ochtú saincheist, lena n-éilítear go bhfuil Airteagal 24 de Rialachán 806/2014 agus Airteagal 39(2)(b)(d) agus (f) de Threoir 2014/59 ([2]) á sárú leis an mbreithiúnas faoi achomharc, toisc nár comhlíonadh an oibleagáid an praghas díola a uasmhéadú mar chuid den phróiseas réitigh agus toisc nár comhlíonadh prionsabal an chomhionannais agus prionsabal na trédhearcachta idir na tairgeoirí ionchasacha.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1).

([2]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2014 L 173, lch. 190).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Landgericht Ravensburg (an Ghearmáin) an 8 Iúil 2022 – VX agus AT v Gemeinde Ummendorf**

**(Cás C-456/22)**

(2022/C 359/57)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landgericht Ravensburg

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* VX, AT

*Cosantóir:* Gemeinde Ummendorf

**An cheist a tharchuirtear**

An bhfuil coincheap an damáiste neamhábhartha in Airteagal 82(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ([1]) le léiriú mar ní a chiallaíonn go dteastaíonn míbhuntáiste suntasach agus lagú leasanna pearsanta atá sothuigthe go hoibiachtúil chun damáiste neamhábhartha a thoimhdiú, nó an leordhóthanach chun na críche sin an caillteanas gearrthéarmach amháin ar smacht neamhshrianta an duine is ábhar do na sonraí, ar a shonraí, mar gheall ar fhoilsiú sonraí pearsanta ar an idirlíon ar feadh tréimhse cúpla lá, nach raibh aon iarmhairtí suntasacha nó díobhálacha aige don duine is ábhar do na sonraí?

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

---

**Caingean arna tionscnamh an 8 Iúil 2022 – an Coimisiún Eorpach v Ríocht na hÍsiltíre**

**(Cás C-459/22)**

(2022/C 359/58)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaí: W. Roels, i gcáil Gníomhaire)

*Cosantóir:* Ríocht na hÍsiltíre